C/2026/2992

3.6.2026

Fógra ón gCoimisiún

maidir le foilsiú na mionsonraí chun an difríocht sa phraghas idir ceirisín agus breoslaí eitlíochta incháilithe ábhartha a ríomh agus maidir le leithdháileadh lamháltas chun breoslaí incháilithe a úsáid faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais a bunaíodh le Treoir 2003/87/CE

(C/2026/2992)

1. Réamhrá

Le hAirteagal 3c(6) de Threoir 2003/87/CE ([1]) tugadh isteach sásra tacaíochta breise chun breoslaí eitlíochta incháilithe a úsáid. Chun luathghlacadh a dhreasú maidir leis na breoslaí malartacha is fearr feidhmíocht i dtéarmaí acmhainneacht um laghdú ar astaíochtaí, cuirtear 20 milliún lamháltas de chuid Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais ('CTA') i leataobh ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh.

An 6 Feabhra 2025, ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/723 ón gCoimisiún ([2]) ('an Rialachán') lena mbunaítear na rialacha maidir le ríomh bliantúil na ndifríochtaí sa phraghas idir breoslaí eitlíochta incháilithe agus ceirisín iontaise, agus dreasachtaí ó phraghas an charbóin agus ó íosleibhéil chomhchuibhithe chánachais á gcur san áireamh, chomh maith leis na rialacha maidir le líon na lamháltas a eascraíonn as sin a leithdháileadh saor in aisce.

Cumhdaítear leis na lamháltais an difríocht uile nó cuid den difríocht sa phraghas atá fágtha idir ceirisín iontaise agus na breoslaí eitlíochta incháilithe a úsáideann oibreoirí aerárthaigh tráchtála aonair ar a n-eitiltí a chumhdaítear le praghsáil éifeachtach carbóin trí CTA AE. Áirithítear cothrom iomaíochta sa chaoi go gcaitear go cothrom le gach oibreoir aerárthaigh a oibríonn ar na bealaí sin.

Leagtar amach in Airteagal 4(1) den Rialachán an fhoirmle chun an difríocht sa phraghas a ríomh, lena n-áirítear na heilimintí uile is gá don ríomh sin.

Is é is cuspóir don Fhógra seo ón gCoimisiún na mionsonraí is gá a fhoilsiú chun an difríocht sa phraghas idir ceirisín agus breoslaí eitlíochta incháilithe ábhartha a ríomh, chomh maith leis an difríocht sa phraghas le haghaidh na mbreoslaí eitlíochta incháilithe a cuireadh ar bord in 2025 i gcomhréir le hAirteagal 4(7) den Rialachán.

2. Difríocht sa phraghas idir ceirisín agus breoslaí eitlíochta incháilithe ábhartha agus mionsonraí maidir leis an ríomh

De bhun Airteagal 4(2), pointe (a) den Rialachán, i gcás ina bhfuil praghas an mhargaidh ar fáil sa tuarascáil theicniúil a d'fhoilsigh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ('tuarascáil theicniúil GSEE') dá dtagraítear in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2023/2405 ([3]) ('ReFuelEU Aviation'), is é an praghas an praghas margaidh a foilsíodh sa tuarascáil sin. An 26 Feabhra 2026, d'fhoilsigh GSEE praghsanna tagartha 2025 maidir le breoslaí eitlíochta le haghaidh faisnéisiú ReFuelEU Aviation ([4]) ('faisnéisiú GSEE'). Is réamhfhoilsiú é sin ar phraghsanna tagartha bhreoslaí ReFuelEU Aviation a áireofar sa chéad tuarascáil theicniúil eile ó GSEE, tuarascáil atá le foilsiú sa tríú ráithe de 2026. Beidh na praghsanna tagartha a áirítear i dtuarascáil theicniúil GSEE mar an gcéanna leis na praghsanna i bhfaisnéisiú GSEE.

Ní raibh praghas margaidh in 2025 ach ag an gcatagóir bithbhreoslaí eitlíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (8)(b) agus (c) den tionscnamh 'ReFuelEU Aviation'. Freagraíonn bithbhreoslaí eitlíochta i bhfaisnéisiú GSEE do bhithbhreoslaí eitlíochta agus bithbhreoslaí eitlíochta eile sa tábla thíos.

I gcomhréir le hAirteagal 4(2), pointe (b) den Rialachán, is é íosphraghas díola praghas na mbreoslaí eitlíochta incháilithe an praghas nach raibh praghas margaidh foilsithe acu i bhfaisnéisiú GSEE. Le haghaidh 2025, níor tuairiscíodh aon phraghas

([1]) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj).

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/723 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2025 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le ríomh bliantúil na ndifríochtaí sa phraghas idir breoslaí eitlíochta incháilithe agus ceirisín iontaise agus maidir le leithdháileadh lamháltas CTA AE le haghaidh úsáid breoslaí eitlíochta incháilithe (IO L, 2025/723, 16.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/723/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2023/2405 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le cothrom na Féinne a áirithiú d'aeriompar inbhuanaithe (ReFuelEU Aviation) (IO L, 2023/2405, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2405/oj).

([4]) Praghsanna Tagartha Breoslaí Eitlíochta 2025 le haghaidh ReFuelEU Aviation (26.2.2026, https://www.easa.europa.eu/en/document-library/general-publications/2025-aviation-fuels-reference-prices-refueleu-aviation).

iarbhír a íocadh le haghaidh breoslaí eitlíochta incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán. Cinntear an t-íosphraghas díola i gcomhréir le hAirteagal 4(3) den Rialachán mar an meastachán ar an gcostas táirgthe a fhoilsítear i bhfaisnéisiú GSEE le cur i bhfeidhm corrlaigh 10 %.

Áirítear i bhfaisnéisiú GSEE breoslaí comhphróiseáilte ina gcatagóir breoslaí eitlíochta ReFuelEU faoi seach, dá bhrí sin tá praghas gach fochatagóire breoslaí comhphróiseáilte sa tábla thíos comhionann leis an bpraghas a chinntear dá bhfochatagóir breosla eitlíochta incháilithe faoi seach.

De bhun Airteagal 4(4) den Rialachán, is é praghas ceirisín iontaise praghas ceirisín iontaise a foilsíodh i bhfaisnéisiú GSEE, arb é atá ann EUR 640 in aghaidh an tona.

Is é praghas lamháltas astaíochtaí CTA meánphraghas ualaithe na gceantanna a dhéantar i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830 ([5]) le linn 2025 mar a fhoilsítear ar an ardán ceantála coiteann. Is é EUR 73,43 in aghaidh lamháltas astaíochtaí CTA an praghas.

Foilsítear an difríocht sa phraghas mar a ríomhtar í agus úsáid á baint as an bhfoirmle a leagtar amach in Airteagal 4(1) den Rialachán. Is féidir le gach breosla eitlíochta incháilithe a liostaítear sa tábla thíos a bheith nialas-rátaithe i gcomhréir le hAirteagal 54c de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ([6]), agus dá bhrí sin áirítear, sa difríocht sa phraghas, praghas CTA i gcomhréir le hAirteagal 4(5) den Rialachán. In 2025, ní raibh aon difríocht sa chánachas idir ceirisín iontaise agus breoslaí eitlíochta incháilithe mar a leagtar amach i dTreoir 2003/96/CE ón gComhairle ([7]), dá bhrí sin, is é 0 an eilimint sin.

Leagtar amach sa tábla seo a leanas praghas gach fochatagóire breoslaí eitlíochta incháilithe chomh maith leis an difríocht i bpraghsanna na mbreoslaí a cuireadh ar bord in 2025, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán:

Fochatagóir breosla eitlíochta incháilithe		Praghas an bhreosla eitlíochta incháilithe (in EUR in aghaidh an tona)	An difríocht sa phraghas le ceirisín iontaise (in EUR in aghaidh an tona)	Leibhéal na tacaíochta dírí ó CTA AE a leagtar síos in Airteagal 3c(6), an tríú fomhír, de Threoir 2003/87/CE ([1])	Tacaíocht dhíreach CTA bunaithe ar leibhéal tacaíochta fochatagóire (in EUR in aghaidh an tona)
1	**Breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch**	8 272	7 400	95 %	7 030
2	**Breoslaí comhphróiseáilte in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch**	8 272	7 400	95 %	7 030
3	**Bithbhreoslaí forbartha eitlíochta**	3 036	2 164	70 %	1 515
4	**Bithbhreoslaí comhphróiseáilte forbartha**	3 036	2 164	70 %	1 515
5	**Hidrigin in-athnuaite le haghaidh eitlíochta**	8 476	7 603	70 %	5 322
6	**Bithbhreoslaí eitlíochta**	1 925	1 053	50 %	526

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2023 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha a leagan síos maidir le huainiú, riarachán agus gnéithe eile a bhaineann le ceantáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L, 2023/2830, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2830/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 ón gCoimisiún (IO L 334, 31.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/2066/oj).

([7]) Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar an gcreat Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (IO L 283, 31.10.2003, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/96/oj).

Fochatagóir breosla eitlíochta incháilithe		Praghas an bhreosla eitlíochta incháilithe (in EUR in aghaidh an tona)	An difríocht sa phraghas le ceirisín iontaise (in EUR in aghaidh an tona)	Leibhéal na tacaíochta dírí ó CTA AE a leagtar síos in Airteagal 3c(6), an tríú fomhír, de Threoir 2003/87/CE [1]	Tacaíocht dhíreach CTA bunaithe ar leibhéal tacaíochta fochatagóire (in EUR in aghaidh an tona)
7	**Bithbhreoslaí eitlíochta eile**	1 925	1 053	50 %	526
8	**Hidrigin ísealcharbóin neamhiontaise le haghaidh eitlíochta**	5 269	4 397	50 %	2 198
9	**Breoslaí eitlíochta sintéiseacha ísealcharbóin neamhiontaise**	5 957	5 084	50 %	2 542
10	**Bithbhreoslaí comhphróiseáilte**	1 925	1 053	50 %	526

[1] *Leibhéal tacaíochta ach amháin i gcás ina gcuirtear an breosla ar bord ag aerfort a shainaithnítear in Airteagal 3c(6), an tríú fomhír, pointe (c), de Threoir 2003/87/CE, i gcás inarb 100 % é an leibhéal tacaíochta le haghaidh na bhfochatagóirí breoslaí incháilithe uile.